2026/1941

7.8.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1941 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Lúnasa 2026

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/44 tugtar éifeacht do na bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle ([2]).

(2) Liostaítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 soithí arna n-ainmniú ag Coiste Smachtbhannaí na Náisiún Aontaithe i gcomhréir le mír 11 de Rún 2146 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Tá na soithí sin faoi réir roinnt toirmeasc faoi Rialachán (AE) 2016/44, lena n-áirítear an toirmeasc ar amhola a luchtú, a iompar nó a urscaoileadh ón Libia, rochtain a fháil ar chalafoirt i gcríoch an Aontais, seirbhísí buncaeireachta nó soláthair long nó aon seirbhís eile a sholáthar, agus an toirmeasc ar idirbhearta airgeadais a dhéanamh.

(3) An 22 Iúil 2026, chinn Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, soitheach amháin a chur le liosta na soithí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach i mír 10 de Rún 2146 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir.

(5) Chun a áirithiú go mbeidh na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo éifeachtach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm láithreach,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 12, 19.1.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/44/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES (IO L 206, 1.8.2015, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/1333/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Lúnasa 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin
Ard-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44, cuirtear an iontráil seo a leanas leis an 'LIOSTA SOITHÍ DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (H) D'AIRTEAGAL 1 AGUS AIRTEAGAL 15 AGUS BEARTA IS INFHEIDHME MAR A SHONRAÍONN COISTE NA SMACHTBHANNAÍ':

'1. **Ainm: AVAX**

Arna liostú an 22 Iúil 2026. Arna liostú de bhun mhíreanna 10(a), 10(b), 10(c) agus 10(d) de Rún 2146 (2014), arna leasú le mír 2 de Rúin 2441 (2018) agus 2509 (2020) agus arna leathnú i Rún 2819 (2026) (toirmeasc ar luchtú, iompar nó urscaoileadh; toirmeasc ar dhul isteach i gcalafoirt; toirmeasc ar sheirbhísí buncaeireachta agus soithigh a sholáthar; toirmeasc ar idirbhearta airgeadais maidir le peitriliam a dhéanamh). De bhun mhír 11 de Rún 2146, arna modhnú le mír 2 de Rún 2509 (2020), tá an t-ainmniú sin bailí ón 22 Iúil 2026 go dtí an 22 Iúil 2027, mura ndéanfaidh an Coiste é a fhoirceannadh níos luaithe de bhun mhír 12 de Rún 2146 (2014).

Faisnéis bhreise

Uimhir IMO: 9058713. Stát Brataí: Camarún. An 4 Aibreán 2026, bhí an soitheach lonnaithe gar do limistéar ancaireachta Sheanchuan Benghazi, sa Libia.'.